AN ROINN DLÍ AGUS CIRT AGUS ATHCHÓIRITHE DLÍ
DEPARTMENT OF JUSTICE AND LAW REFORM

Rialuithe nua Frithsciúrtha Airgid agus Frithmhaoinithe Sceimhlitheoireachta

An tAcht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) 2010

Fógra Tábhachtach do dhaoine a bhfuil na gnóthaí seo a leanas á seoladh acu

- **Iniúchóir, Cuntasóir Seachtrach nó Comhairleoir Cánach Seachtrach**
- **Soláthraí Seirbhíse Iontaobhais nó Cuideachta**
- **Club Comhaltaí Príobháideacha ina seoltar gníomhaíochtaí cearrbhachais**
- **Aon duine atá ag trádáil in earraí lena mbaineann íocaíochtaí, leis an duine in airgead tirim, de €15,000 ar a laghad san iomlán**

1 Cuireann an tAcht oibleagáidí ar réimse leathan "daoine ainmnithe", lena n-áirítear na daoine atá liostaithe thuas, i ndáil le rialuithe sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta.

Is de ghnó daoine ainmnithe iad féin a chur ar an eolas go hiomlán faoina n-oibleagáidí faoin Acht agus faoi na pionóis i leith neamh-chomhlíonadh. Cuireann an tAcht d'oibleagáid ar "daoine ainmnithe" na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- custaiméirí a shainaithint agus Dícheall Cuí a dhéanamh do Chustaiméirí i ndéileálacha gnó,
- idirbhearta amhrasacha a thuairisciú don Gharda Síochána agus do na Coimisinéirí Ioncaim agus
- nósanna imeachta a bheith i bhfeidhm acu chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, ar a n-áirítear coimeád taifead, oiliúint foirne agus rialuithe cuí a choimeád.

2 Soláthraithe Seirbhíse Iontaobhais nó Cuideachta (SSICanna) a údarú – Leis an Acht tugtar isteach ceanglas údarúcháin chun gnó Soláthraí Seirbhíse Iontaobhais nó Cuideachta a sheoladh. Ní mór iarratais ar údarú a dhéanamh faoin 15ú Iúil 2010 ar an bhfoirm oifigiúil*. Cion a bheidh ann gnó Soláthraí Seirbhíse Iontaobhais nó Cuideachta a sheoladh gan údarú ón Aire. Beidh táille iarratais i bhfeidhm.

Mínítear seirbhísí Soláthraí Seirbhíse Iontaobhais nó Cuideachta mar a leanas:

a cuideachtaí nó comhlachtaí corpraithe eile a bhunú;

b gníomhú mar stiúrthóir nó rúnaí cuideachta faoi chomhshocraíocht le duine seachas an chuideachta;

c socrú a dhéanamh go ngníomhódh duine eile mar stiúrthóir nó rúnaí cuideachta;

d gníomhú mar chomhpháirtí comhpháirtíochta nó socrú a dhéanamh go ngníomhódh duine mar chomhpháirtí comhpháirtíochta;

e oifig chláraithe, seoladh gnó, seoladh comhfhreagrais nó riaracháin nó seirbhísí gaolmhara eile a sholáthar do chomhlacht corpraithe nó do chomhpháirtíocht;

f gníomhú mar iontaobhaí iontaobhais nó socrú a dhéanamh go ngníomhódh duine eile mar iontaobhaí iontaobhais;

g gníomhú, nó socrú a dhéanamh go ngníomhódh duine eile, mar scairshealbhóir ainmnitheach do dhuine seachas cuideachta a bhfuil a hurrúis liostaithe ar mhargadh rialáilte.

Ní bheidh feidhm ag an gceanglas údarúcháin seo maidir le daoine a bhfuil a ngníomhaíochtaí SSIC cheana féin faoi réir maoirsiú nó rialáil ag an Rialtóir Airgeadais, comhlacht cuntasóireachta ainmnithe, Dlí-Chumann na hÉireann nó Ardchomhairle Bharra na hÉireann.

3 Clubanna Comhaltaí Príobháideacha agus gníomhaíochtaí cearrbhachais – Tugtar isteach leis an Acht ceanglas do dhaoine a stiúrann clubanna comhaltaí príobháideacha ina seoltar gníomhaíochtaí cearrbhachais, i leith na ngníomhaíochtaí cearrbhachais sin agus ina leith sin amháin, clárú leis an Aire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí. Ní mór clárú a dhéanamh faoin 15ú Iúil 2010 ar an bhfoirm oifigiúil* (féach thíos i gcomhair mionsonraí).

Is é an tAonad um Chomhlíonadh Frithsciúrtha Airgid (ACFA) de chuid na Roinne Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí a dhéanfaidh na feidhmeanna seo a riaradh.

*Tá tuilleadh eolais faoin Acht, mar aon le foirmeacha iarratais le haghaidh SSICanna/Clubanna Cearrbhachais Comhaltaí Príobháideacha, le fáil ónár suíomh gréasáin http://www.antimoneylaundering.gov.ie nó trí ríomhphost a chur chuig antimoneylaundering@justice.ie